

Do fhóir Dia dobrón ó mBriuin

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 24]

Ádhamh Ó Fialán .cc.

1 Do fhóir Dia dobrón ó mBriuin,  
a-tá ar gcudhnódh chliar n-ainiuil;  
ní fóill ro ghlac sé an slóighsin  
gor fhóir Mac Dé an dobróinsin.

2 Rob ionann dobrón dóibh sin  
cliara Banbha agus Bréifnigh;  
gor sgaoil toil Dé dá ndeacraibh  
nirbh é soin a saoilachtain.

3 Do shaoilsead cliara chláir Bhreagh  
fa fheall d'fhóbra ar fhear Maisdean  
nach biadh im chlár fionn Fódla  
dámh ón fhioll gan fhurfhógra.

4 Mar soin do saoilleadh uile  
ag sluagh Bhréifne braonuighe,  
cath ná léirchreach nar lamhadh  
rath Bréifneach do bheagaghadh.

5 An dá dhroingsin leath ar leath,  
dámha cáich 's an cath Bréifneach,  
rob é a luadh sgaoileadh gan sgur  
sduagh Thaidhean [muna] thíosudh.

6 Ní leig Íoso - oirrdheirc so -  
uadh a mhuintir a-mugho;  
fríoth cabhoir Dhé fa ndeacraibh,  
do fhalaigh sé a saoilachtain.

7 Táinig mac Briain bhronnas cradh  
ó fhionghuil mhaicne a mháthar;  
ar taithleach gé thí an ghasraidh  
bidh aithreach í an fhionghalsain.

8 Gér uthrach ón fhionghuil mhóir  
mac Briain Chliach nach creid leabhróir,  
teacht do ghéig Thaidhean dá taigh  
nír léig sgaoileadh dar sgolaibh.

9 An céadlá ro fheallsad air  
slógh máthar meic mheic Dhonnchaidh  
nós do sduaigh Inbhir an fheall

do-chuaidh ar imlibh Éireann.

10 Cidh nach sínfeadh sé ar gach leath  
nós meic Bhriain go mbarr ndruimneach,  
ní bhí cliar an tann nach tair  
acht ag triall go barr mBeannchoir.

11 Tusú an mac Briainse an bhairr thruim,  
a Mhéig Shamhradhán shúlchuirr;  
nach lór d'fhógra an domhain dúinn  
t'óbra tre fholuidh n-iomthnúidh.

12 Tnúth riot, a Thomás, tug soin  
feall ort dod bhráithribh bunoidh;  
tuig, a rí Cál agus Chuilt,  
do bhí i ndán duid a dhíoghuilt.

13 Sloinnfidh mé dod mhalaigh dhuinn  
blagh sgeoil do sgríobhadh romhainn;  
sgéal léaghthar mar as dual dúnn  
do-ghéabhthar uam man iomthnúdh.

14 Tig iomthnúdh mór re Mac Con  
ag Oilill Ólum uasal;  
[gor] roidhing cách ceann i gceann  
ba gnáth Oilill gá imdeall.

15 Feallais maicne a mháthar féin  
ar Mac Con - ba cleas aigbhéil;  
an sduagh bharrlag nír bháidh sin -  
tre fharmaid áigh is einigh.

16 Mac Con mar do cinneadh dó  
ba heagal leo a thocht tarrso;  
cúis na Muimhneach fa fheall air  
teann Luighdheach ar an luchtsain.

17 Iomthnúdh fhear n-Éireann uile  
do bhí re barr Almhuine,  
flaith Áine gan uabhur mbreath,  
re huamhun láimhe Luighdheach.

18 Éarais Oilill - anba an fheall -  
Mac Con cosnumhaidh Éireann,  
go ndearna soin siobhul neirt,  
fa bhloigh don lobhur oirdheirc.

19 Tig aonta ag Oilill na n-each  
re hArt d'ionnarba Luighdheach;

gor sgaoil sé an fíochphobul fill  
do dhíochrodar é a hÉirinn.

20 Éire d’Oilill is d’Art fhial  
fágbhais Mac Con mhac Maicniadh;  
nir ghluais géag Thaoidhean ó thigh  
acht aoinfhear déag go deimhin.

21 Re n-áireamh ní anfa sinn  
tuirreachta Luighdheach luaidhim;  
nó go dtáinig fear Lí a le  
don fheadh do bhí ní bheimne.

22 Gluaisis roimhe flaith Fódla  
a-noir d’aithle a urfhógra;  
do chleith Lacha Tí nir thearc  
deich gcatha fo thrí ag toigheacht.

23 Aoinfhear déag - nir bhuidhean bheag -  
is deich ndeaghcatha fichead  
ní tháinig slógh [Laghdhach] luinn  
gan a lór [cabhlach] cugainn.

24 . . . go hOilill ’s go hArt  
(Lugh) Mac Con críche Connacht  
do roinn Fhódla na ngart nglan  
fa fhógra d’Art nírbh iongnadh.

25 Mac Con ba chuid d’Fhódla fhinn  
éarais Art agus Oilill;  
mó riamh a rath do Lughaidh  
triall sa chath do-chualubhair.

26 Tarra bás Eoghain is Airt  
le Mac Con sa chath urrdhairc  
gor chosain gart Éibhir Fhinn  
bhar éirigh d’Art is d’Oilill.

27 An dream nachar dhíothaigh díbh  
Mac Con na gcomhrag n-ainmhín  
flaith gaoil don aicme nír an  
nó gor sgaoil maicne a mháthar.

28 Mar sin do-ghéana, a ghruadh bog,  
dul fon lucht ro fheall orod;  
gach a bhfuil díbh fa fheall ort  
at-chím nach geall red ghuasocht.

29 Ag sin sgéal beag dod bhais ghil,

a Mhéig Shamhradhán shuilbhir,  
a ghéag bharrlag Bhanbha, is beacht  
tre fharmaid tarla a thoigheacht.

30 Formad riot fo-deara dháibh  
feall ortsa, a fhéinnidh Gabhráin;  
a shlat Ché gan chor d'fhaghail  
Mac Con rob é th'ionamhail.

31 Neimhiongnadh tnúth, a thuir Bhreagh,  
do bheith riot - ríoghdha t'fhoineamh -  
ar díoth sluaigh, a chleath Chomuir,  
ar buaidh gcreach, ar chomhlónnuibh.

32 Ar iomghuin mbeodha, a bhadhbh Dhor,  
ar cagadh ar bord mbiodhbhodh,  
ar loinneart gcruaidh i ngach cath,  
ar toirrecht sluaigh go seabhrach.

33 Ar méad do mharcshluaigh mheanmnaigh,  
ar cródhacht, ar ceithearnaibh  
- do ghnaoi is foda suas mar soin -  
ar cruas do throda i dtochroibh.

34 Ar iomad do ghealgha ngéar,  
d'iomad do cholg 's do choiléar,  
a shlat nachar dhíommol dream,  
ar iomad glac is ghaithleann.

35 Ar uaisle do theaghlaigh thréin,  
d'iomad mac ríogh god roiréir,  
ar meanmnaighe is ar méad sguir,  
's ar greadhnaighe, a ghéag Gabhraidh.

36 Ar ruagaibh leabhra i ló chreach,  
ar chosnumh na mbord mBréifneach,  
ar léim go dian i ndeabhaidh,  
ar réir gcliar gach cineadhaigh.

37 Ní lughu ba déanta dháibh  
tnúdh red réidhe, a rí Gabhráin;  
is tú as réidhe ag riar na sgol  
ó Shliabh Bhéirre go Beannchor.

38 Maith an chúis fhormaid oile  
riot, a mheic Bhriain Bhóroimhe;  
toillfid ar nduaisne, a dhreach bhog,  
neach fat uaisle ní ágbhod.

39 Seanchas t'athar, oirdheirc sin,  
do shloinn Mac Fhir bhinn Bhisigh;  
a bharr Cé ro mhór mise,  
nach lór é dá innise.

40 Sloinnfidh mise diaidh i ndiaidh  
t'uaisle ó Mhóir, a mheic shaoir Bhriain,  
do thóguibh rinn dealbha dhuid,  
a chinn Teamhra ar a dteagmuid.

41 Naoi ríogha fichead fuair rath  
umud, a Thomás Teamhrach,  
móide ar daghlaidh do dhuas cruith,  
suas ó Amhlaoibh go hEochuidh.

42 Amhlaoibh is Art, Domhnall Dean,  
Fearghal is Domhnall déidgheal,  
dá Thighearnán mad thaobh slim,  
a chraobh chineadhnár Chuilinn.

43 Domhnall, Niall congalach cas,  
dá Fhearghal, suairc a seanchas,  
Art Breagh is Ruarc druim ar dhruim,  
dá fhear dá ruacht gart gealChuinn.

44 Tighearnán tréan an cathfhál,  
Seallachán caomh, [Cearnachán],  
Dubh Dothra is Dúnchadh na gcath,  
Baoithín is Bláthmhach buadhach,  
cúl na bhfionnchladh mbarrghlan mbog  
is Criomhthan Almhan umod.

45 Sgannlán umud, a fholt cas,  
Aodh Fionn, Fearghna agus Fearghas,  
dias fhuineadhach ba gharg gal,  
Muireadhach ard is Eoghan.

46 Duach Galach is Brian Banbha  
umud, a fhir fhionnGhabhra,  
ceann slógh ros seachain mearól,  
is Eachaidh mór Muighmheadhón.

47 Ag sin do gheinealach grinn  
don leithsin, a laoich, thuirmhim,  
is am tnúidh seanchas mar sin,  
a bharr gealchas múir Mhidhir.

48 Gidh bé do bheath re fhagháil,  
a Mhéig shúlghuirm Shamhradháin,

iomdha cúis gan damhnadh dúinn  
dod ghnúis budh adhbhar iomthnúidh.

49 Do thoillis tnúdh bhan mBanbha  
riot, a fhéinnidh Eachlabhra,  
ar bharr [ndrolshlámach] ndleachtach  
ngobhlánach bhfann bhfinnleabthach.

50 Ar béal ndearg is ar dhéad mbán,  
a mheic Bhriain bhréagas bandál,  
suairc táinig, a fhir Eanaigh,  
's ar bráighid ngil ngéiseamhail.

51 Ar glaic mbarrdhuinn, ar barr cas,  
ar taobh séimhidhe solas,  
a í Dhuach nach crandta creach,  
is ar chalpa luath léidmheach.

52 Ag so, a Mhéig Shamhradháin Sháigh,  
- dolaigh uthrais ar éadáil -  
cúis laoidhe gairbhghleic do gha,  
a dhaighmheic Maoile Meadha. Do fhóir

53 Meinic fhóire d'aighidh ghil,  
a inghean mhall Mhéig Uidhir,  
a Nualaidh go gcéibh gcladhaigh  
ar chéim n-uabhair th'ollamhain.

54 Usaide amladh laoidhe  
duid, a inghean Éadaoine,  
do ghnúis mar ghréin ndeirg ndealbhdha  
do théigh n-a leirg loinneardha. Do fhóir

55 Is tú, a Athracht fhóireas dháimh,  
mo chrodh, m'ionnmhus is m'éadáil,  
is tú an ógh a-tú [do] thagha,  
is tú m'ór is m'asgadh.